CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/1293 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Meitheamh 2022

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de 12ú Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is trí bhíthin Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle ([1]) a rinne an tAontas Comhaontú Marrakech a thabhairt i gcrích, comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ("Comhaontú EDT") agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995.

(2) De bhun Airteagail IV:1 agus IX:1 de Chomhaontú EDT, is féidir le Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) cinntí a ghlacadh de chomhthoil.

(3) Le linn a 12ú cruinniú, ón 12 go dtí an 17 Meitheamh 2022, d'fhéadfadh Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála cinntí a ghlacadh maidir leis an dréacht-chomhaontú maidir le fóirdheontais iascaigh, maidir le Comhaontú TRIPS, agus maidir le díolúintí ó thoirmisc nó srianta ar onnmhairí i gcás ceannacháin bia ag an gClár Domhanda Bia.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála a bhunú, a mhéid a d'fhéadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith ag aon chinneadh a ghlacfar.

(5) Tá an chaibidlíocht maidir leis na hiascaigh mar chuid de Chlár Oibre Doha um Fhorbairt (DDA) agus sainaithníodh í mar thosaíocht i Sprioc 6 de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 na Náisiún Aontaithe, arna comhaontú ag na Cinn Stáit in 2015, agus ag Cinneadh Aireachta EDT an 13 Nollaig 2017 (WT/MIN(17)/64). I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist sin maidir leis an trádáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus ó tharla go bhfuil an tAontas ar cheann de na tacadóirí, ba cheart don Aontas tacú leis an toradh comhaontaithe.

(6) An chaibidlíocht maidir le bearta a bhaineann leis an maoin intleachtúil, rud dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS, is cuid den phlé lárnach in EDT í an chaibidlíocht sin maidir le conas is féidir leis an gcóras trádála rochtain ar vacsaíní, ar theiripic agus ar earraí riachtanacha leighis eile i gcoinne COVID-19 a fheabhsú ar fud an domhain. An 21 Bealtaine 2021, chuir roinnt Chomhaltaí EDT teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle EDT um TRIPS, teachtaireacht inar moladh togra athbhreithnithe le haghaidh tarscaoileadh ó fhorálacha áirithe Chomhaontú TRIPS maidir le cosc, srianadh agus cóireáil COVID-19 (IP/C/W/669/Rev.1). An 4 Meitheamh 2021, chuir an tAontas teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle Ghinearálta EDT, teachtaireacht maidir le freagarthaí beartais trádála práinneacha ar ghéarchéim COVID-19 (WT/GC/231), agus chuir sé teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle EDT um TRIPS maidir le freagarthaí beartais trádála práinneacha ar ghéarchéim COVID-19 i ndáil le maoin intleachtúil (IP/C/W/680). An 18 Meitheamh 2021, chuir an tAontas teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle EDT um TRIPS, teachtaireacht ina raibh dréacht-dearbhú maidir le Comhaontú TRIPS agus leis an tsláinte phoiblí i gcúinsí paindéime (IP/C/W/681), rud arb é is aidhm dó úsáid an chórais ceadúnaithe riachtanaigh a shoiléiriú nó a éascú, córas dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS, chun go n-oibreoidh sé chomh héifeachtúil agus is féidir i gcúinsí paindéime. Tá cinneadh na n-airí bunaithe ar an obair sin mar chuid de phacáiste níos leithne ina n-áirítear an dearbhú aireachta maidir le freagairt EDT ar phaindéim COVID-19 agus maidir le hullmhacht do phaindéim amach anseo. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist sin, ba cheart don Aontas tacú leis an toradh comhaontaithe.

([1]) Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 i ndáil le hábhair laistigh dá inniúlacht, maidir le comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí iltaobhacha trádála (1986-1994) a thabhairt chun críche thar ceann an Chomphobail Eorpaigh (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

(7) Leis an gcaibidlíocht maidir le díolúine Chlár Domhanda Bia na Náisiún Aontaithe ó shrianta ar onnmhairiú, léiríodh go dtacaíonn a lán Comhaltaí EDT leis an ngealltanas gan srianta den sórt sin a fhorchur ar cheannacháin a dhéantar chun críoch daonnúil. I bhfianaise an togra le haghaidh cinneadh aireachta maidir leis an ábhar sin agus ó tharla gur gné thábhachtach é sin de phacáiste slándála bia atá le glacadh ag an 12ú Comhdháil Aireachta, ba cheart don Aontas tacú leis an toradh comhaontaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de 12ú Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála tacú le glacadh dréachtchinntí aireachta EDT maidir le:

(a) an dréacht-chomhaontú maidir le fóirdheontais iascaigh (WT/MIN (22)/W/22);

(b) Comhaontú TRIPS (WT/MIN(22)/W/15/Rev.2); agus

(c) díolúintí ó thoirmisc nó srianta ar onnmhairí i gcás ceannacháin bia ag an gClár Domhanda Bia (WT/MIN(22)/W/18).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA